Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann

Na Chéad Torthaí (Athbhreithnithe) ón Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí Bullaitín 1 2002/2003

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Choimisiúnaigh an CCND agus an tAonad um Thaighde agus Fhaisnéis ar Dhrugaí agus Alcól (AFTDA) laistigh den Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí i dTuaisceart Éireann MORI MRC leis an suirbhé seo a dhéanamh.

Aidhm:

Rátaí leitheadúlachta a fháil le haghaidh drugaí mídhleathacha amhail canabas, an eacstais, cóicín, hearóin srl. in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Ceistíodh freagróirí faoi leitheadúlacht i gcaitheamh a saoil (ar bhain siad úsáid as druga riamh), faoi leitheadúlacht le bliain anuas (úsáid le déanaí) agus faoi leitheadúlacht le mí anuas (úsáid faoi láthair). Cuireadh ceist ar fheagróirí faoi úsáid támhachán, suaimhneasán nó frith-dhúlagrán freisin.

Modh:

Rinneadh suirbhé ar shampla ionadaíoch (8, 434) duine idir 15-64 bliana d'aois i dTuaisceart Éireann (3,516) agus in Éirinn (4,918) agus treoirlínte ó Ionad Monatóireachta na hEorpa ar Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí á leanúint. Tugadh ceistneoirí amach agus úsáid á baint as agallaimh duine-le-duine, ar dhaoine a bhí ina gcónaí in áitribh phríobháideacha idir Deireadh Fómhair 2002 agus Aibreán 2003.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Thuairiscigh beagnach duine as cúigear (19%) ar oileán na hÉireann gur bhain siad úsáid as druga mídhleathach riamh. Bhí an coibhneas mórán mar an gcéanna in Éirinn (19%) agus i dTuaisceart Éireann (20%).
- Ba é an canabas an druga mídhleathach ba choitianta a úsáideadh in Éirinn:
  - Bhí úsáid bainte as canabas ag 17% riamh (17% i dTuaisceart Éireann)
  - Bhí úsáid bainte as canabas ag 5% le bliain anuas (5% i dTuaisceart Éireann)
  - Bhí úsáid bainte as canabas ag 2.6% le mí anuas (2.9% i dTuaisceart Éireann).
- Ba iad na rátaí leitheadúlachta i gcaitheamh shaol an duine i gcomhair gach druga mídhleathach eile ná 4% nó níos lú in Éirinn. Ba iad na drugaí eile ba choitianta a úsáideadh riamh ná an eacstais (4%), beacáin draíochta (4%), Dé-Eitiolaimíd Aigéid Líseirgigh (LSD) agus popairí (3% an ceann), aimfeataimíní (3%), cóicín (3%), tuaslagóirí (25%), hearóin (0.5%) agus crac (0.3%).
- In Éirinn, baineann níos mó fir ná mná úsáid as aon drugaí mídhleathacha: thuairiscigh beagnach a dhá oiread fir (24%) ná mná (13%) gur bhain siad úsáid as druga mídhleathach riamh: Canabas (fir 22%, mná 12%); Cóicín (fir 4%, mná 2%); an Eacstais (fir 5%, mná 3%); Beacáin Draíochta (fir 6%, mná 2%); Tuaslagóirí (fir 2%, mná 1%) agus Aimfeataimíní (fir 4%, mná 2%).
- Thuairiscigh daoine óga na rátaí is airde ó thaobh úsáid drugaí mídhleathacha in Éirinn.
  - Ba é an leitheadúlacht i gcaitheamh a saoil ná 25% dóibh siúd a bhí idir 15-24 i gcomparáid le 18% do dhaoine 35-44 bliana d'aois;
  - Ba an leitheadúlacht le bliain anuas ná 13% dóibh siúd a bhí idir 15-24 i gcomparáid le 3% do dhaoine 35-44 bliana d'aois;
  - Ba an leitheadúlacht le mí anuas ná 7% dóibh siúd a bhí idir 15-24 i gcomparáid le 2% do dhaoine 35-44 bliana d'aois.
- In Éirinn, thuairiscigh daoine a bhí níos sine (55-64) an leitheadúlacht ab airde i gcaitheamh a saoil (22%) maidir le húsáid támhachán, suaimhneasán agus frith-dhúlagrán.
- Bhí an úsáid eacstaise i gcaitheamh a saoil níba airde i dTuaisceart Éirinn (6%) i gcomparáid le hÉirinn (4%). Bhí úsáid an chóicín i gcaitheamh a saoil níba mhó in Éirinn (3%) ná i dTuaisceart Éirinn (1.6%).
- Tuairiscíodh rátaí níba airde maidir le húsáid támhachán, suaimhneasán nó fhrith-dhúlagrán le mí anuas i dTuaisceart Éirinn: 15% díobh siúd idir 45-54 agus 14% díobh siúd idir 55-64 i gcomparáid le hÉirinn (6% do na blianta 45-54 agus 10% do na blianta 55-64).

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Úsáid na Lóifeicseaidíne agus Siondróm Spleáchais ar Chodlaidínigh á Bhainistiú (2003)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

An tIonad Faisnéise Náisiúnta ar Chógais ag Ospidéal Naomh Shéamais.

Aidhm:

Meastóireacht a dhéanamh ar thairbhe na Lóifeicseaidíne mar rogha cóireála agus Siondróm Spleáchais ar Chodlaidínigh á bhainistiú.

Modh:

Léirbhreithniú córasach ar gach faisnéis fhoilsithe lena n-áirítear staidéir chliniciúla ar úsáid na Lóifeicseaidíne agus siondróm spleáchais ar chodlaidínigh á bhainistiú, go háirithe a húsaid san aistarraingt faoi bhainistíocht ó chodlaidínigh agus meastóireacht ar a húsáideanna i suímh dhifriúla cóireála.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Sa suíomh Éireannach, baintear úsáid as an teiripe chothabhála meatadóin sa phríomhchur chuige cógasteiripe. Mhol Cumann Cógaseolaíochta na hÉireann go mbreithneofaí úsáid roghanna malartacha neamhoipióideacha ar an meatadón (amhail an Lóifeicseaidín) agus spleáchas oipióideach á bhainistiú amach anseo.
- Bíonn an Lóifeicseaidín chomh héifeachtach céanna agus a bhíonn laghdú ar dháileoga meatadóin agus aistarraingt ó dhrugaí oipióideacha á bhainistiú.
- Bíonn an Lóifeicseaidín níos éifeachtaí iontu siúd a bhfuil cúrsaí socair sa bhaile acu.
- Bíonn an próiseas díthocsainiúcháin gearr (10-14 lá) rud a fhágann gur gá an fhoireann iomlán chóireála drugaí a bheith páirteach go dlúth ann. Ba chóir go mbeadh aistarraingt le Lóifeicseaidín ina chuid de chlár cóireála lena soláthraítear comhairleoireacht agus tacaí síceashóisialta eile ionas nach n-athiompóidh an cliant ar dhrugaí.
- Bíonn an fhreagairt níos fearr in úsáideoirí codlaidíneach atá níos óige nó iontu siúd nach bhfuil spleách orthu chomh fada. Oireann sé d'úsáideoirí codlaidíneach atá iontach spreagtha freisin. Ní mholtar go n-úsáidfí é i mná torracha.

Moltaí an CCND don Rialtas:

- Féadfar breathnú ar an Lóifeicseaidín mar rogha cóireála breise úsáideach agus spleáchas ar chodlaidínigh á bhainistiú go foriomlán agus is féidir leis a bheith chomh héifeachtach céanna le meatadón.
- Ní cosúil go bhfaigheann sé réidh go huile is go hiomlán le hairíonna na haistarraingte. Bíonn tacaíocht agus cóireálacha foghabhálacha ag teastáil de ghnáth.
- Ba chóir go mbeadh raon roghanna ar fáil d'úsáideoirí drugaí agus do na cleachtóirí araon, a chinnfidh, in éineacht le chéile, an cúrsa cóireála is oiriúnaí don duine.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Úsáid na Nalóicseoine agus Siondróm Spleáchais ar Chodlaidínigh á Bhainistiú (2003)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

An tIonad Faisnéise Náisiúnta ar Chógais ag Ospidéal Naomh Shéamais.

Aidhm:

Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na Nalóicseoine mar idirghabháil agus siondróm spleáchais ar chodlaidínigh á bhainistiú.

Modh:

Léirbhreithniú ar litríocht fhoilsithe a bhaineann le húsáid na Nalóicseoine agus siondróm spleáchais ar chodlaidínigh á bhainistiú, agus meastóireacht ar a húsáid i suímh chóireála infhéideartha (seomra éigeandála, suíomh pobail).

Torthaí Buntábhachtacha:

- Freasaitheach ar chodlaidínigh (.i. aisiompaíonn sé éifeachtaí na gcodlaidíneach) is ea an Nalóicseoin a bhfuil úsáid bainte aisti mar chóireáil éigeandála ar ró-dháileoga codlaidíneach in ospidéil le fada an lá.
- I dtíortha eile, ba lú an líon daoine a cuireadh isteach san ospidéal de thoradh Nalóicseoin a bheith tugtha ag baill oilte foirne otharchairr sa suíomh réamhospidéil.
- Níl dóthain fianaise ann ar éifeachtacht na Nalóicseoine le haghaidh na húsáide sa bhaile ag teaghlaigh agus gaolta úsáideoirí codlaidíneach mar bheart garchabhrach.
- Ba chóir go mbeadh dáileadh na Nalóicseoine ar ghné amháin de chlár a bheadh comhdhéanta de 1) oideachas ar na rioscaí marfacha a bhaineann leis an úsáid ildrugaí, úsáid chomhchéimneach an alcóil agus drugaí a instealladh agus duine leis féinm; 2) an gá le fios a chur ar otharcharr i gcáis ró-dháileoige agus 3) oiliúint i mbunteicnící athbheochana.
- Baineadh úsáid as an Nalóicseoin i gcomhar le hoibreáin eile le haistarraingt ó chodlaidínigh a bhainistiú. Tarlaíonn siondróm na haistarraingte níos luaithe, bíonn sé níos déine agus tagann deireadh leis níos tapúla le Nalóicseoin. Úsáideadh í in éineacht le búiprenioirfín freisin leis an aidhm is go laghdófaí a mhinice is d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint as búiprenioirfín.
- Chaithfí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna buntábhachtacha sula bhféadfaí clár a chur i ngníomh ó thaobh an Nalóicseoin a bheith á thógáil abhaile le haghaidh a húsáidte i gcás éigeandala, mar atá: oiliúint leordhóthaineach a bheith soláthraithe do gach ball den phearsanra a mbeidh lámh acu ann – an duine a scríobhann an t-oideas, an cógaiseoir, an dáileoir, an t-othar agus an duine a thabharfaidh an druga agus a riocht ó thaobh an dlí a shoiléiriú.

Moltaí an CCND don Rialtas:

Creideann an CCND gur druga é an Nalóicseoin a bhfuil go leor le tairiscint aige laistigh dár bhfreagairt fhoriomlán ar an tógáil fhadhbach drugaí. Atreisíonn sé an gá le bheith réamhghníomhach ó thaobh straitéise a fhorbairt chun laghdú a dhéanamh ar ró-dháileog codlaidíneach in Éirinn. Ós rud é gur taispeánadh go laghdaítear líon na ró-dháileog codlaidíneach marfach trí daoine a choinneáil i gclár cothabhála meatadóin, féadfaidh sé a bheith deacair spriocdhíriú orthu siúd atá i mbaol .i. iad siúd nach bhfreastalaíonn ar chlinicí.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Forléargas ar Úsáid an Chóicín in Éirinn (2003)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Cuireann an CCND forléargas ar úsáid an chóicín in Éirinn i láthair trí shonraí as raon foinsí a chur le chéile.

Aidhm:

Faisnéis bhonnlíne a sholáthar ar úsáid an chóicín in Éirinn.

Modh:

Scrúdaíodh sonraí táscairí ó staidéir ar an daonra, sonraí ceartais choiriúil, sonraí saotharlainne, sonraí cóireála drugaí, suirbhéanna ar úsáideoirí agus faisnéis ó bhéal chun cineál agus fairsinge úsáid an chóicín laistigh den daonra a ríomhadh.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Faoin gcóicín: Tá éirí croí, méadú ar fhuinneamh agus sceitimíní san áireamh leis na héifeachtaí. Tá tinneas cinn, easuan, laghdú ar an ngoile, intinn chorraithe, iompar díchéillí, ionsaitheacht agus paranáia ar na fo-iarsmaí. Ó thaobh na héifeachtaí fisiciula, téann sé i bhfeidhm ar an gcroí, na scamhóga agus an inchinn, ag tabhairt taomanna croí, anacair riospráideach, stróic agus cliseadh duánach, ar féidir leo uile duine a mharú.
- Athraíonn leibhéil na rioscaí leis an mbealach lena dtógtar é – á thógáil d'anáil isteach tríd an tsrón, á ionanálú agus á instealladh.
- Fuarthas de bharr suirbhé ar an leitheadúlacht gur thuairiscigh 3% d'fhreagróirí gur bhain siad úsáid as cóicín riamh. Bhí an leibhéal leitheadúlachta ab airde i gcaitheamh a saoil (5%) i measc daoine idir 15-24. Thuairiscigh fir breis is dhá oiread an ráta leitheadúlachta úsáide cóicín i gcaitheamh a saoil ná mná. Bhí cóicín ar an gceathrú druga ba choitianta a úsáideadh i ndiaidh canabais, beacáin draíochta agus na heacstaise.
- Méaduithe tuairiscithe ar úsáid an chóicín ó 1.8% d'fhir in 1998 go dtí 3% in 2002 agus ó 0.6% de mhná in 1998 go dtí 1.9% in 2002, ach ní raibh athrú ar bith i measc an aosa scoile 16 bliana d'aois, ar 2% idir 1995 agus 1999.
- Trasnaíonn úsáid an chóicín gach céim shóisialta agus tá méadú ag teacht ar a infheicthe is a bhíonn sé sa saol pub agus club.
- Tugadh méaduithe substaintiúla faoi deara trasna táscairí eile (samplaí dearfacha i ndaonra na ndaoine atá á gcóireáil le haghaidh drugaí, líon na n-urghabhálacha drugaí ag dul i méad, suirbhéanna eile agus sonraí cóireála drugaí).
- Cóireáil aitheanta le haghaidh spleáchais ar chóicín:
  - Bíonn éifeachtaí ag roinnt cógasteiripí ar airíonna ach níl aon druga ionadaíochta ann;
  - Bíonn comhairleoireacht duine le duine agus/nó i ngrúpa éifeachtach;
  - Bíonn teiripe iompraíochta cognaíche éifeachtach;
  - Tá sochair soláthraithe d'úsáideoirí ag grúpaí féinchabhrach agus faoi cheannaireacht phiara le hairíonna a chóireáil agus ó thaobh a bheith á gcoinneáil i mbun cóireála;
  - Is féidir leis an snáthaidpholladh cabhrú;
  - Moltar cláir d'othair sheachtracha le haghaidh fadhbanna measartha agus cláir chónaithe d'fhadhbanna móra;
  - Bíonn dea-chaidreamh agus tuiscint mhaith tábhachtach in éineacht le coinní go luath agus am feithimh laghdaithe.

Moltaí an CCND don Rialtas:

- Scriosann an tuairisc an miotas gur druga glan sábháilte é an cóicín nach bhfuil ach beagán impleachtaí don tsláinte ag dul leis.
- Is gá aghaidh a thabhairt ar an dearcadh gur druga sábháilte é an cóicín mar gheall ar leibhéal na n-iompraíochtaí rioscacha a bhaineann le bheith ag roinnt trealaimh lena instealladh, a thógáil d'anáil isteach sa tsrón agus a chaitheamh.
- Tá sé iontach tábhachtach go rachfaí i ngleic leis an úsáid ildrugaí i gcláir choisc agus laghdaithe díobhála.
- Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an inniúlacht i seirbhísí andúile ionas go méadofar an soláthar d'úsáideoirí cóicín.
- Tá cláir struchtúrtha ag teastáil in éineacht le seirbhísí croílárnacha amhail comhairleoireacht duine le duine nó i ngrúpa. Ba chóir na seirbhísí atá ar fáil a chur ar a shúile d'úsáideoirí cóicín.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Leitheadúlacht Úsáid na gCodlaidíneach in Éirinn 2000 – 2001

Suirbhé Gabhála-athghabhála 3 Fhoinse (2004)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Alan Kelly, Marlen Carvalho, Conor Teljeur, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Aidhm:

Leitheadúlacht na n-úsáideoirí codlaidíneach a mheas.

Modh:

Rinneadh meastacháin maidir leis an leitheadúlacht amach trí líon na ndaoine i dtrí fhoinse sonraí a aithint: an Lárliosta Cóireála Drugaí, Staidéar Náisiúnta an Gharda ar Dhrugaí, Choireacht agus Ghníomhaíocht Choiriúil Ghaolmhar, agus Bunachar an Fhiosrúcháin ó Othair Chonáitheacha in Ospidéal, agus na daoine sin a bhí le feiceáil i dtacar sonraí amháin, nó in dhá nó trí thacar sonraí. Rinneadh na figiúir a shamhaltú ansin agus úsáid á baint as teicníc staitistiúil chun meastachán a sholáthar. Lorgadh faisnéis ar úsáideoirí codlaidíneach ar bhealach a d'fhágfadh nach n-aithneofaí iad, amhail túslitreacha a n-ainm, dáta breithe, agus inscne chun macasamhail iontaofa a sholáthar trasna trí fhoinse agus chun fáil réidh le dúbailtí. Is é an mhodheolaíocht Ghabhála-athghabhála an príomh-mhodh indíreach le leitheadúlacht roinnt daonra atá leathcheilte a mheas, amhail úsáideoirí codlaidíneach. Tá úsáid bainte as go forleathan i staidéir ar leitheadúlacht na gcodlaidíneach a bunaíodh ar an daonra, thar sáile agus in Éirinn araon, agus molann Ionad Monatóireachta na hEorpa ar Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí i Liospón é.

Torthaí:

- Is é seo an chéad mheastachán náisiúnta ar an leitheadúlacht d'Éirinn. Taispeánann torthaí gur measadh go raibh 14,158 úsáideoir codlaidíneach idir 15-64 bliana d'aois in 2000 le hardú measartha go dtí 14,452 le haghaidh 2001. D'fhan ráta na n-úsáideoirí codlaidíneach in aghaidh an mhíle duine – 5.6, mar an gcéanna áfach.
- Ba é líon measta na n-úsáideoirí codlaidíneach i mBaile Átha Cliath don bhliain 2000 ná 12,268 ag ardú go dtí 12,456 le haghaidh 2001. Is ionann é sin agus ráta 15.9 úsáideoir codlaidíneach in aghaidh an mhíle duine den daonra sna bliana 2000 agus 2001.
- Bhí sonraí le haghaidh Baile Átha Cliath amháin ar fáil in 1996 dóibh siúd idir 15-54. Nuair a cuireadh na sonraí i gcomparáid le 2001, tugadh difríochtaí iontach suntasach faoi deara. Bhí laghdú staitistiúil suntasach ar líon na bhfear óg idir 15-24 a bhí ag tosú ar úsáid na hearóine i gcaitheamh na tréimhse ama. Bhí laghdú substaintiúil freisin ar líon na ndaoine ar an iomlán a bhí ag baint úsáide as hearóin, cé nach raibh sin suntasach ó thaobh staitisticí.
- Bhí méadú ar líon na mban óg idir 25-34 a bhí ag baint úsáide as codlaidínigh agus bhí sé seo suntasach ó thaobh staitisticí.
- Is iad na meastacháin don chuid eile d'Éirinn (Baile Átha Cliath as an áireamh) ná 2,526 don bhliain 2000 agus 2,225 don bhliain 2001. Is ionann é sin agus ráta 1.4 in aghaidh 1,000 in 2000 agus 1.2 in aghaidh an 1,000 in 2001.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2002/2003

Bullaitín Torthaí 2 (Athbhreithnithe) ón Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí: Bord Sláinte (Éire) & Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta (Tuaisceart Éireann)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Choimisiúnaigh an CCND agus an tAonad Faisnéise agus Taighde ar Dhrugaí agus Alcól (AFTDA) laistigh den Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí i dTuaisceart Éireann MORI MRC chun an suirbhé seo a dhéanamh.

Aidhm:

Rátaí leitheadúlachta a fháil do dhrugaí buntábhachtacha mídhleathacha agus do dhrugaí eile lena n-áirítear alcól do gach Bord Sláinte (BS) in Éirinn agus gach Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta (BSSS) i dTuaisceart Éireann. Cuirtear miondealú réigiúnach i láthair i mBullaitín 2 a bhaineann le leitheadúlacht drugaí ar bhonn saoil duine (ar bhain siad úsáid as druga riamh), le bliain anuas (le déanaí) agus le mí anuas (faoi láthair).

Modh:

Rinneadh suirbhé ar shampla ionadaíoch (8, 434) duine idir 15-64 bliana d'aois i dTuaisceart Éireann (3,516) agus in Éirinn (4,918) agus na treoirlínte ó Ionad Monatóireachta na hEorpa ar Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí á leanúint. Tugadh ceistneoirí amach agus úsáid á baint as agallaimh duine le duine, ar dhaoine a bhí ina gcónaí in áitribh phríobháideacha idir Deireadh Fómhair 2002 agus Aibreán 2003.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Bhí an leitheadúlacht i gcaitheamh a saoil ó thaobh drugaí mídhleathacha trasna na limistéar BS agus BSSS idir 11% agus 30%.
- Bhí difríocht faoi thrí ann beagnach, idir 3% go dtí 8%, trasna na limistéar BS agus BSSS sna rátaí le haghaidh úsáid drugaí mídhleathacha le déanaí.
- Bhí na rátaí maidir le húsáid drugaí mídhleathacha faoi láthair idir 0.2% agus 5% trasna limistéar.
- Bhí treocht ann go raibh rátaí leitheadúlachta (i gcaitheamh a saoil, le déanaí agus faoi láthair) níba airde san Oirthear in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon ná mar a bhí in áiteanna eile.
- Ba é an canabas an príomhdhruga mídhleathach ar baineadh úsáid as i ngach limistéar BS agus BSSS; bhí na rátaí leitheadúlachta i gcaitheamh a saoil éagsúil trasna limistéar idir 9% go dtí 27%; úsáid le déanaí ó 2% go dtí 8%; agus úsáid faoi láthair ó 0.2% go dtí 5%.
- Bhí rátaí leitheadúlachta le haghaidh drugaí mídhleathacha eile cuid mhaith níba ísle ná mar a bhí le haghaidh canabais trasna gach limistéar agus le haghaidh gach tréimhse (i gcaitheamh a saoil, le déanaí agus faoi láthair).
- I limistéir na mBord Sláinte, ba iad cóicín agus an eacstais na drugaí mídhleathacha ba choitianta a tuairiscíodh a bheith úsáidte le bliain anuas, tar éis canabais.
- I mbeagnach gach limistéar, bhí rátaí leitheadúlachta maidir le húsáid i gcaitheamh a saoil, le déanaí agus faoi láthair níba airde i measc na bhfear ná na mban, agus níba airde i measc daoine níba óige ná daoine níba shine.
- Bhí rátaí leitheadúlachta maidir le húsáid támhachán, suaimhneasán nó frith-dhúlagrán níba airde i measc daoine níba shine agus na mban i bhformhór na limistéar.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Léirbhreithniú ar Chur Chuigeanna i leith Díobháil a Laghdú in Éirinn agus ar Fhianaise ón Litríocht Idirnáisiúnta (2004)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Gerry Moore et al., Scoil Altranais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Aidhm:

Léirbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar Dhíobháil a Laghdú; léirbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí atá ar fáil in Éirinn.

Modh:

Tugadh faoi léirbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht agus faoi staidéar taiscéalach eimpíreach chun faisnéis a fháil ó sholáthraithe seirbhíse. Baineadh úsáid as sainmhíniú ar an laghdú díobhála mar seo a leanas: "Ciallaíonn an laghdú díobhála iarmhairtí diúltacha don tsláinte, a bhaineann le hiompraíochtaí áirithe a mbreathnaítear orthu mar iompraíochtaí díobhálacha, a chosc nó a laghdú. I ndáil leis an mí-úsáid drugaí, is é is aidhm le hidirghabhálacha laghdaithe díobhála ná tarchur VEID agus ionfhabhtuithe eile a chosc (Heipitíteas B agus Heipitíteas C), ionfhabhtuithe a tharlaíonn trí threalamh neamhsteiriúil tógála drugaí a roinnt (amhail steallairí, spúnóga, píobáin agus scagairí)".

Torthaí Buntábhachtacha:

- Táthar ag baint úsáide as modhanna laghdaithe díobhála in Éirinn ach tá scóip shuntasach ann chun leathnú a dhéanamh ar ról seirbhísí drugaí le tionscnaimh sholúbtha fhreagrúla a sheachadadh chun díriú ar threalamh a bheith á roinnt i measc úsáideoirí drugaí.
- Is iad is mó atá i mbaol a n-ionfhabhtaithe ná úsáideoirí óga drugaí, iad nach bhfuil ag úsáid chomh fada sin, iad a bhfuil caidreamh dlúthpháirte acu le húsáideoir eile a bhíonn ag instealladh drugaí, iad atá curtha i bpríosún agus daoine gan dídean.
- D'fhéadfadh straitéisí laghdaithe díobhála dul chun tairbhe do shláinte na ngrúpaí is imeallaithe (daoine gan dídean, iad atá i bpríosún, mná atá i mbun striapachais) sa tsochaí.
- Is é an chaoi go bhféadfadh uaireanta oscailte srianta agus líon teoranta de sheirbhísí malartaithe snáthaidí a bheith ag cur le líon na ndaoine a roinneann trealamh, rud as a dtagann tuilleadh rioscaí sláinte.
- Roinntear trealamh sa chás go mbíonn rochtain theoranta ar sheirbhísí laghdaithe díobhála, sa chás nach mbíonn an tseirbhís go maith nó ar fáil.
- Caithfidh teachtaireachtaí laghdaithe díobhála rioscaí a chur chun suntais a bhaineann le bheith ag roinnt aon trealamh, amhail spúnóga, uisce, scagairí chomh maith le snáthaidí agus steallairí, agus bealaí níos sábháilte le húsáid a bhaint as drugaí a chur chun cinn.

Moltaí an CCND don Rialtas:

- Ba chóir cláir mhalartaithe snáthaidí a leathnú go suntasach ar bhonn náisiúnta trí sheirbhísí a sholáthar lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre agus ag deirí seachtaine lena n-áirítear raon de ghiúirléidí úsáide drugaí a sholáthar agus/nó a mhalartú.
- Ba chóir ról na gClár um Shnáthaidí a Mhalartú atá ar bun i gcógaslanna pobail a fhorbairt ar aon dul leis an scothchleachtas i dtíortha eile, tar éis comhairliúcháin chuí.
- Tá gá le hoiliúint bhreisithe le haghaidh soláthraithe seirbhíse agus ba chóir go gcuirfí an tuairisc seo ar a shúile do gach duine dá bhfuil páirteach i bpleanáil agus i soláthar na seirbhísí seo.
- Ba chóir go léireodh an soláthar seirbhíse d'úsáideoirí drugaí i bpríosún raon na gcur chuigeanna a bhaineann le cóireáil agus laghdú díobhála atá ar fáil sa phobal.
- Molann an CCND gur chóir go leanfaí ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar thaithí seomraí caite drugaí a bhíonn faoi mhaoirseacht. Aithníonn an CCND dearcadh an Bhoird Idirnáisiúnta um Rialú Támhshuanach áfach go sáraíonn seomraí caite drugaí forálacha na gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú Drugaí a bhfuil Éire ina páirtí leo.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Forléargas ar Fhaisnéis ón Eolaíocht agus ar Fhaisnéis eile ar an gCanabas (2004)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Taighdeoirí as raon disciplíní agus cúlraí ag comhoibriú le chéile lena n-áirítear Dr Claire Collins, an tUas. Johnny Connelly, Dr Dominique Crowley agus Dr Mark Morgan.

Aidhm:

Scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí cógaiseolaíochta agus tocsaineolaíochta an chanabais, ar rioscaí don tsláinte phoiblí agus iarmhairtí síceolaíochta, coiriúla agus socheolaíochta an chanabais don duine agus don tsochaí.

Modh:

Léirbhreithniú ar litríocht arna foilsiú go dtí go luath in 2003.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Tá 483 cheimiceán sa chanabas a bhfuil *delta-9-THC* freagrach as a éifeachtaí síceolaíochta agus fisiciúla go príomha.
- Tá láidreacht an channabais a bhíonn ar fáil in Éirinn méadaithe le blianta beaga anuas mar gheall ar theicnící feabhsaithe lena shaothrú.
- Tá gaolmhaireacht láidir idir úsáid rialta an chanabais agus duine ina dhéagóra agus drochthorthaí oideachais go háirithe a bheith ag fágáil na scoile go luath.
- Tá fianaise ann chun tacú le gaolmhaireacht idir úsáid an chanabais agus scitsifréine i measc daoine leochaileacha.
- Taispeánann fianaise go dtáirgeann úsáid throm an chanabais laguithe caolchúiseacha ar an gcuimhne, ar aire an duine agus ar mar a eagraíonn sé/sí faisnéis chasta.
- Tá tionóiscí bóthair agus básanna tagtha de bharr canabas a bheith tógtha in éineacht le halcól. Taispeánann fianaise gur minic a bhíonn tiománaithe atá faoi thionchar an chanabais ar an eolas faoina gcumas tiomána a bheith lagaithe ach nach mbíonn siad in ann an chailliúint inniúlachta i roinnt scileanna sícealuadracha a chúiteamh amhail a bheith ag fanacht sa líne cheart.
- Tá níos mó ceimiceán a spreagann ailse i dtoit chanabais ná i dtoit tobaic, rud as a dtagann broincítis agus dúbailt ar an riosca go dtarlóidh cineálacha áirithe ailse.
- Meastar gur féidir a cheithre oiread tarra a leagan ar scámhóga lucht caite canabais ná tobaic má chaitear toitín ar mheáchan inchomparáide.
- Taispeánadh go mbíonn torthaí tairbheacha ag an gcanabas le haghaidh cineálacha áirithe d'fhaoiseamh péine, masmas agus urlacan a chóireáil agus an ghoile a ghríosú.

Moltaí an CCND don Rialtas:

- Bíonn cur chuigeanna coisc atá ar fáil faoi láthair éifeachtach a fhad agus go mbíonn siad ar bun sa phobal, cuimsitheach agus go mbíonn siad saindeartha go sonrach don aois atá i gceist.
- Ba chóir go gcuirfí ar a shúile d'oibrithe sláinte poiblí an riosca méadaithe le haghaidh ailse agus galar scámhóige/croí dóibh siúd a chaitheann canabas.
- Tá tuilleadh taighde ag teastáil ar mhargaí drugaí agus ar choireacht a bhaineann le drugaí agus ar a mhéid agus a fhorfheidhmítear an dlí agus a ghearrtar pionóis sna cúirteanna as cionta seilbhe, mangaireachta agus gáinneála.
- D'aithin an CCND roinnt bearnaí sa mhéid atá ar eolas, mar a bhfuil tuilleadh oibre ag teastáil chun cabhrú leis an mbeartas drugaí a threorú. Is iad seo a leanas na bearnaí:
  - An gá le láidreacht an chanabais atá ar fáil in Éirinn a dhéanamh amach;
  - An gá le fairsinge agus suntasacht na húsaide canabais a dhéanamh amach i measc daoine a bhfuil fadhbanna sláinte meabhrach orthu in Éirinn;
  - Imscrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil aon ghaol idir úsáid an chanabais agus an féinmharú nó féindíobháil d'aon turas i ndaonra na hÉireann;
  - An gá le fairsinge na húsáide canabais a dhéanamh amach i ndaoine a bhfuil easláinte riospráideach agus ailsí airithe orthu;
  - An gá le breathnú ar an úsáid chanabais i staidéir ar an ngnóthachtáil oideachais mar cheann de na fachtóirí a bhaineann le daoine a bheith ag fágáil na scoile go luath agus le torthaí oideachais in Éirinn;
  - An gá le himscrúdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí d'úsáideoirí aonair canabais a thagann i dteagmháil leis an gcóras ceartais chóiriúil.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Scéim Dheontas Taighde an CCND don Earnáil Phobail agus Dheonach

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Beinseadé-asaipíní – cén duine a bhfuil sé ina chúntóir beag aige?

Ról na mBeinseadé-asaipíní agus fadhbanna maidir le mí-úsáid substaintí ag teacht chun cinn i mBaile Munna (2004)

Taighde arna dhéanamh ag

Tionscadal Aicsin Óige Bhaile Mhunna.

Aidhm:

Staidéar a dhéanamh ar ról na mbeinseadé-asaipíní agus fadhbanna maidir le mí-úsáid substaintí ag teacht chun cinn i mBaile Munna; féachaint ar na dinimicí maidir le soláthar agus éileamh agus na fachtóirí a chur chun suntais a fhágann go leanann leibhéal réasúnta ard ó thaobh úsáid bheinseadé-asaipíní ar aghaidh laistigh den phobal. Tá beinseadé-asaipíní ina gcuid den raon drugaí is fearr le húsáideoirí codlaidíneach agus úsáideoirí fadhbacha ildrugaí.

Modh:

Modheolaíocht taighde aicsin lena gcomhcheanglaítear sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla arna mbailiú ó thrí fhoinse mhóra: grúpaí fócasaithe ar bun sa phobal, suirbhé dáiliúcháin ar bun i gcógaslann (n=751) agus duine buntábhachtach a sholáthair peirspictíocht ó thaobh cúrsaí leighis.

Torthaí Buntábhachtacha

- Féadfaidh leibhéal na mbeinseadé-asaipíní a ordaítear ar oideas i mBaile Munna a bheith níos airde agus sin go suntasach, ná an leibhéal náisiúnta.
- Leanann sciar suntasach othar a chuirtear ar bheinseadé-asaipíní ar aghaidh le hiad a thógáil ar feadh cuid mhaith blianta.
- Níl an bhail a chothódh an t-athbhreithniú ar oidis bheinseadé-asaipíní, amhail infhaighteacht ama agus ualach leordhóthaineach d'othair, le feiceáil de ghnáth i gcomhthéacs Bhaile Mhunna.
- Tá claonadh soiléir le hinscne maidir le líon na mbeinseadé-asaipíní a ordaítear ar oideas i mBaile Munna, agus beagnach dhá dtrian de na beinseadé-asaipíní a clúdaíodh sa Suirbhé Cógaslainne á n-ordú do mhná.
- Glactar le húsáid na mbeinseadé-asaipíní go ginearálta rud as a dtagann contúirt an normálaithe a bhféadfadh mí-úsáid drugaí eile teacht dá thoradh.
- Tá soláthar suntasach beinseadé-asaipíní i mBaile Munna a dtagann de bharr oideas, rud a d'fhéadfadh a fhágáil go mbainfear mí-úsáid as an druga seo agus a d'fhágfadh go mbíonn caitheamh na ndrugaí seo inghlactha sa chultúr agus go coitianta.
- Ní bhíonn úsáid na mbeinseadé-asaipíní ar an bhfreagairt is oiriúnaí i gcónaí ar a bheith ag déileáil le dúshlán na réaltachta (trioblóidí le leanaí, dúlagar, imní, neamhchodladh) i ndaoine i mBaile Munna.

Moltaí ón Tuairisc:

- Is gá infheistíocht a dhéanamh le seirbhísí a fhorbairt chun liachleachtóirí a chomhlánú.
- Is gá tacaí neamh-chógaiseolaíochta a fhorbairt le haghaidh díthocsainiúcháin ó bheinseadé-asaipíní agus roghanna malartacha ar theiripe bheinseadé-asaipíní freisin.
- Tá gá le soláthar leordhóthaineach faisnéise faoi bheinseadé-asaipín do gach duine sa phobal; ba chóir go mbeadh an fhaisnéis seo intuigthe dóibh siúd a bhfuil fadhbanna litearthachta acu.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Scéim Dheontas Taighde an CCND don Earnáil Phobail agus Dheonach

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Staidéar ar leitheadúlacht na húsáide drugaí ag daoine óga i gceantar bruachbhailteach measctha (2004)

Taighde arna dhéanamh ag:

Clár Phobal Chósta Chill Bharróg (CPCCB).

Aidhm:

Na pátrúin agus treochtaí maidir le mí-úsáid drugaí i limistéar Chill Bharróg i measc daoine óga idir 10-17 mbliana d'aois a dhéanamh amach chomh maith leis na dearcaí i leith na húsáide drugaí agus na fachtóirí riosca a bhaineann léi agus measúnú a dhéanamh ar an úsáid drugaí i measc sampla beag daoine a d'fhág an scoil go luath.

Modh:

Rinneadh suirbhé le 285 duine a d'fhág an scoil agus le 15 a d'dhág an scoil go luath. Rinneadh agallaimh cháilíochtúla le tríocha duine den phobal chun a dtuairimí a fháil ar an scéal ó thaobh drugaí sa limistéar.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Ba é an t-alcól an druga ab fhorleithne a d'úsáid freagróirí. Cé go raibh alcól ólta ag níos mó buachaillí (80%) riamh ná cailíní (72%), ó thaobh líon na n-oltóirí reatha, níor léiríodh aon difríochtaí inscne (51% de bhuachaillí agus cailíní).
- Bhí an t-ólachán níba leitheadúla de réir mar a chuaigh freagróirí in aois; bhí 84% de dhéagóirí idir 16 agus 18 mbliana d'aois ina n-óltóirí reatha i gcomparáid le 61% de dhéagóirí idir 13 agus 15 bliana d'aois agus 17% de dhéagóirí idir 10 agus 12 bliana d'aois.
- Ba é an tobac an dara druga ba choitianta a úsáideadh: bhí an ceathrú cuid ina gcaiteoirí reatha; bhí níos mó cailíní (29%) ná buachaillí (21%) ina gcaiteoirí reatha agus chuaigh an caitheamh tobac i méad de réir aoise: bhí breis is 40% de dhéagóirí idir 16 agus 18 mbliana dhéag ina gcaiteoirí reatha.
- Bhí an líon a raibh úsáid bainte acu as druga aindleathach (canabas, cóicín, agus hearóin) nó as ionanálán cuid mhaith níba ísle. Bhí an canabas ar an druga ab fhorleithne ar baineadh úsáid as; bhí ráta na húsáide reatha canabais (21%) beagán níba ísle ná ráta an chaithimh tobac reatha (25%).
- Ba lú an líon a bhí ag tuairisciú go rabhadar ag baint úsáide as substaintí aindleathacha eile faoi láthair (bhí úsáid bainte as ionanáláin ag 8% de dhéagóirí idir 16-18 mbliana d'aois; bhí úsáid bainte as cóicín le tríocha lá anuas ag 2 ½ %). Bhí úsáid na hearóine neamhshuntasach agus bhí úsáid bainte as drugaí ar oideas riamh ag mionlach beag.
- D'aithin formhór na bhfreagróirí díobháil na húsáide drugaí ach ba bheag acu a mheas go bhfuil úsáid rialta an alcóil chomh díobhálach céanna.
- B'annaimhe go mbainfeadh daoine óga a bhí páirteach i spórt úsáid as drugaí ar bith (alcól, tobac nó substaintí aindleathacha eile) ná iad siúd nach raibh páirteach i spórt. Thuairiscigh iad siúd a d'fhág an scoil go luath leibhéil níba airde ó thaobh na húsáide drugaí ná iad a bhí ar scoil.

Moltaí ón Tuairisc:

- Tá iarrachtaí níos mó ag teastáil chun an dlí a fhorfheidhmiú i ndáil leis an ólachán faoi bhun aoise.
- Ba chóir go mbeadh bearta lena spriocdhíreofar ar dhaoine óga bunaithe ar dhíobháil a laghdú seachas ar thoirmeasc.
- Mar gheall go raibh dearcaí diúltacha ag a bhformhór mór ar an gcaitheamh tobac, ba chóir go ndíreodh cláir oideachais ar leanaí bunscoile.
- D'fhéadfadh tacaíocht phraiticiúil chun cabhrú le caiteoirí óga éirí as, torthaí dearfacha a thabhairt.
- Is é an straitéis is éifeachtaí le daoine a chur óna bheith ag baint trialach agus úsáide as drugaí ná rudaí malartacha a sholáthar do dhaoine óga le déanamh, mar sin moltar go bhforbrófar soláthar spóirt agus oibre óige sa phobal.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Scéim Dheontas Taighde an CCND don Earnáil Phobail agus Dheonach

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Úsáid Drugaí i measc pobal nua in Éirinn: staidéar taiscéalach (2004)

Taigdhe arna dhéanamh ag:

Cé na gCeannaithe Éireann (CCÉ).

Aidhm:

Tuiscint dhomhain a sholáthar ar an bhfadhbúsáid drugaí i measc pobal nua, mar atá, teifigh agus iarrthóirí tearmainn; chun féachaint ar phátrúin, chúiseanna agus spreagthaí maidir le húsáid drugaí; chun rioscaí a bhféadfadh na húsáideoirí a bheith ag tarraingt orthu féin a dhéanamh amach; chun scrúdú a dhéanamh ar leibhéal an fheasachta ar straitéisí chun sláinte a chur chun cinn/ díobháil a laghdú agus ar sheirbhísí cóireála drugaí; agus chun bacainní atá rompu ó thaobh a bheith ag teacht ar sheirbhísí a aithint.

Modh:

Baineadh úsáid as modheolaíocht taighde aicsin. Bhí breathnadóireacht ar rannpháirtithe ar na modhanna eitneagrafaíochta chomh maith le deich n-agallamh dhoimhne le naonúr fear agus bean amháin idir 24 agus 44 bliana d'aois, ó chúlraí éagsúla eitneacha.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Ba é an hearóin an druga a roghnaigh tromlach na bhfreagróirí; thuairiscigh triúr gur bhaineadar úsáid as cóicín. Bhain tromlach úsáid as canabas freisin, rud nach raibh díobhálach dar leo.
- Bhí roinnt ag dul le pátrúin drugaí cosúil lena mbeadh ina dtíortha dúchais agus bhíodar ag meascadh posóidí éagsúla amhail *khat* (spreagthach nádúrtha arna ón bplanda Cartha Edulis), nó kasha (leite arna dhéanamh as canabas fiáin).
- Bhí leathchuid díobh i mbun na húsáide fadhbaí drugaí sular tháinig siad go hÉirinn, ní raibh aon chúlra sa tógáil drugaí ag daoine eile. Tugadh éagsúlachtaí ó thaobh cultúir faoi deara, ba mhó seans go gcaithfeadh Afraicigh cóicín agus b'fhearr le daoine as Oirthear na hEorpa hearóin a instealladh.
- Bhí staid shóisialta na bpobal nua ar na fachtóirí ba bhun leis an úsáid drugaí, i gcuideachta strusanna eile amhail an díláithriú, iarrthóireacht tearmainn, an strus maidir le stádas dlíthiúil neamhdhaingean agus dífhostaíocht.
- Ar an láimh eile, bhí roinnt in ann fostaíocht a mheascadh leis an nós maireachtála a bhaineann leis an bhfadhbúsáid drugaí.
- Bhí daoine a raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh i limistéir a bhí díothach ó thaobh cúrsaí sóisialta, an-bhuartha go dtiocfadh a leanaí i dteagmháil le drugaí.
- Baineadh úsáid as drugaí le héalú ó eispéiris reatha agus ó eispéiris san am a bhí thart. Bhain roinnt úsáid as drugaí chun eisiamh agus aonrú sóisialta a throid, agus bhain daoine eile úsáid as drugaí chun eispéiris san am a bhí thart, ar chogaíocht, spídiúlacht agus thráma, a throid. Bhain roinnt acu úsáid as drugaí ionas go mbeidís níos cosúla lena bpiaraí Éireannacha, bhain daoine eile úsáid as drugaí teann fiosrachta, leadráin, de bharr gur chlis ar chaidreamh nó go díreach toisc go raibh teacht acu orthu.
- Aithníodh bacainní ar dhaoine maidir le bheith ag teacht ar sheirbhísí drugaí. Bhí easpa eolais mar gheall ar dheacrachtaí teanga san áireamh leo seo chomh maith le liostaí fada feithimh, an nós imeachta measúnachta é féin, míchompord maidir lena n-eiteachas féin, faitíos roimh chiníochas, faitíos roimh na Gardaí agus an Roinn Dlí agus Cirt, stiogma sóisialta agus an bharúil go raibh siad in ann ag a bhfadhb drugaí féin

Moltaí ón Tuairisc:

- Caithfidh seirbhísí drugaí ábhar a bheidh tuisceanach do chultúir a tháirgeadh i dteangacha difriúla le híomhánna ilghnéitheacha lena gcuirtear chun suntais go soiléir an rúndacht agus raon na seirbhísí a sholáthraítear.
- Caithfidh seirbhísí drugaí baill foirne ó phobail nua a earcú, tá oiliúint san fhrithchiníochas ag teastáil ó bhaill foirne reatha chun a bhfeasacht ar shaincheisteanna maidir le cine agus eitneachas a mhéadú.
- Caithfear aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir leis an eisiamh sóisialta, le beartais fhrithbhochtaineachta in Éirinn.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Scéim Dheontas Taighde an CCND don Earnáil Phobail agus Dheonach

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Hearóin – an díon meabhrach os cionn do chloiginn.

Nascanna idir a bheith gan dídean agus úsáid drugaí (2004).

Taighde arna dhéanamh ag:

Aonad Comhairle Thamhlachta do Dhaoine gan Dídean (ACTDD)

Aidhm:

Scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna, beartais agus cleachtais atá roimh úsáideoirí drugaí gan dídean i dTamhlacht; na cúiseanna go bhfuil siad gan dídean a fhiosrú; beartais agus cleachtais na n-údarás áitiúil i ndáil le húsáideoirí drugaí gan dídean a chur i dtithe; agus taithí úsáideoirí drugaí gan dídean agus tagairt ar leith á déanamh do bheartais agus chleachtais na seirbhísí um easpa dídine.

Modh:

Leanadh cur chuige fuascailteach lena bhféachtar le haghaidh a thabhairt ar an leatrom. D'fháig sé seo go raibh roinnt d'úsáideoirí na seirbhíse in ann a bheith páirteach i ndearadh an taighde agus san obair leis an dréacht deiridh den tuairisc a ullmhú. Reáchtáladh seacht n-agallamh déag le húsáideoirí seirbhíse (úsáideoirí fadhbacha drugaí gan dídean) agus reáchtáladh trí agallamh déag le hionadaithe soláthraithe seirbhíse ó raon Eagraíochtaí Reachtúla, Pobail agus Deonacha.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Tá nascanna láidre idir an t-easpa dídine agus an úsáid drugaí i dTamhlacht. Ní aithnítear ná ní léirítear an nasc seo sách maith i mbeartas an rialtais ná i bhfreagairtí gníomhaireachtaí.
- Cuireann an t-easpa dídine le húsáid leanúnach drugaí (mar gheall go mbíonn fáil ar dhrugaí go héasca), chomh maith le cineál agus fairsinge na húsáide drugaí; baineann an riocht ó thaobh a bheith in easnamh dídine le haistriú óna bheith ag caitheamh drugaí mar thoitín (lena n-áirítear hearóin) go dtí úsáid infhéitheach.
- Ar leibhéal áitiúil, géaraíonn easpa na seirbhísí do dhaoine gan dídean i dTamhlacht an fhadhb d'úsáideoirí áitiúla drugaí toisc go dtreoraítear iad isteach i mbrúnna i lár na cathrach mar a mbíonn drugaí ar fáil go saoráideach.
- Crostar ar úsáideoirí drugaí teacht ar liúntas cíosa, ath-thithíocht agus ar fhormhór na cóiríochta éigeandála de bharr a bheith dulta i riocht a bheith gan dídean de thoradh Acht na dTithe 1997 (Forálacha Ilchineálacha). Tá roinnt úsáideoirí drugaí gan dídean curtha as an áireamh go hiomlán ó gach sórt cóiríochta.
- Tá fadhbanna leis an mbealach a chaitear leis an gclásal um 'Iompar Frithshóisialta'; ní fhorálann sé le haghaidh cóiríochta éigeandála d'úsáideoirí drugaí agus cruthaíonn sé deacrachtaí dóibh ó thaobh a bheith ag teacht ar thithíocht na comhairle nó ar thithíocht shóisialta eile amach anseo. Ba chóir nósanna imeachta chun déileáil le hIompar Frithshóisialta a lua agus a fhoilsiú go foirmiúil.

Moltaí ón Tuairisc:

Aithníodh trí phríomhréimse:

- An gá le hacmhainní leordhóthaineacha airgeadais agus daonna chun soláthar seirbhíse a bhreisiú;
- Aghaidh a thabhairt ar mar a chomhordaítear beartais náisiúnta chun úsáideoirí drugaí gan dídean a chur san áireamh go dearfach agus soláthar seirbhíse á phleanáil agus á fhorbairt.
- Soláthar seirbhíse aitiúil i dTamhlacht a fheabhsú.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Seirbhísí Sláinte Meabhrach agus Andúile in Éirinn agus Mar a Bhainistítear an Dédhiagnóis (2004)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Liam MacGabhann et al, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Aidhm:

Riachtanais sláinte agus chúraim shóisialta daoine le dédhiagnóis a aithint chomh maith leis na samhlacha measúnachta agus cóireála a oirfidh do sholáthar cúraim shláinte a bheidh éifeachtach go cliniciúil; an bealach a sheachadtar cúram a aithint agus anailís a dhéanamh ar struchtúr eagrúcháin agus éifeachtacht seirbhísí Éireannacha don ghrúpa seo. Tagraíonn an dédhiagnóis don mhí-úsáid substainte agus d'fhadhbanna sláinte meabhrach a bheith ann in éineacht le chéile ar dhuine.

Modh:

Léirbhreithniú cuimsitheach ar litríocht, fóram oscailte arna chomhdhéanamh de 45 duine agus ghníomhaireacht a bhfuil lámh acu i gcúram do dhaoine a bhfuil dédhiagnóis orthu, agus suirbhe náisiúnta (n=141) ar chliniceoirí, bhainisteoirí lárleibhéil agus sinsearacha ó na seirbhísí andúile agus sláinte meabhrach. Tiomsaíodh tuilleadh faisnéise ó agallaimh dhoimhne (15) le daoine buntábhachtacha a d'fhreagair an suirbhé.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Ní thuigtear an dédhiagnóís go soiléir mar choincheap ná ní aithnítear go foirmiúil é i seirbhísí príomhshrutha andúile agus sláinte meabhrach, ná ní aithnítear go foirmiúil é i mbeartas náisiúnta in Éirinn. Tá sainmhíniú a nglacfar leis go náisiúnta ag teastáil.
- Teipeann ar thromlach na seirbhísí (76%) seirbhís shonrach a thairiscint do dhaoine a bhfuil dédhiagnóis orthu.
- Níor thug ach 21% de sheirbhísí le fios go raibh beartas acu maidir leis an dédhiagnóis ach ní raibh aon chomhdhearcadh ar cé na beartais a bhí i bhfeidhm.
- Tá rochtain ar sheirbhísí teoranta mar gheall ar chritéir eisiata a fheidhmítear i seirbhísí andúile (58%) agus sláinte meabhrach (43%). Critéir eisiata a mbaintear úsáid astu ná: más é mí-úsáid substainte an príomh-neamhord, má bhíonn duine ar chlár meatadóin, má tá iompar foréigneach i láthair, nó má fheictear go bhfuil éagumas ann le déileáil le déine na cóireála.
- Fuair soláthraithe seirbhíse amach go raibh sé dian idirchaidreamh a bheith le cliaint le dédhiagnóis mar gheall ar a n-easpa comhoibre agus a bpatuaire; d'fhéadfadh cliaint a bheith neamhghéilliúil, clamprach, ionsaitheach agus frithshóisialta freisin. Thuairiscigh baill foirne a bhí ag obair le cliaint a raibh dédhiagnóis orthu go raibh easpa eolais, feasachta nó scileanna ann le déileáil leis an tsaincheist.
- Chomhaontaigh tromlach (75%) na soláthraithe seirbhíse go soláthródh seirbhís iomlán comhtháite an bhainistíocht ab éifeachtaí ar an dédhiagnóis.
- Bhí comhdhearcadh sa staidéar gur chóir go mbeadh ról níos mó ag Liachleachtóirí Ginearálta i mbainistíocht dédhiagnóise.

Moltaí an CCND don Rialtas:

- Bunú coiste faoin Roinn Sláinte agus Leanaí le haghaidh a thabhairt ar threoirlínte agus treoirlínte a fhorbairt bunaithe ar an scothchleachtas idirnáisiúnta leis an dédhiagnóis a bhainistiú in Éirinn.
- Ba chóir go leanfaí ar aghaidh le haon othar, a raibh meatadón á fháil aige/aici sular cuireadh isteach in áis shíciatrach é/í, a choinneáil ar an oideas sin agus é/í faoi chúram síciatrach.
- Ba chóir go soláthrófaí oiliúint agus oideachas feabhsaithe trasna gach disciplín sa dá earnáil. Ba chóir go dtarlódh comhráite leis na himreoirí buntábhachtacha ar fad sa phróiseas seachadta oiliúna amhail an tÚdarás um Ardoideachas, Coláiste Shíciatraithe na hÉireann, scoileanna leighis agus altranais, an Bord Altranais, Comhairle Oiliúna Síciatraí na hÉireann agus Comhairle na nDochtúirí Leighis.
- Bheadh sé ina chabhair dá dtabharfaí speisialtacht d'altraí cliniciúla san andúil isteach d'altraí síciatracha.
- Éascóidh bonneagar a bheith i láthair, a thiocfaidh as na moltaí thuas a bheith curtha i ngníomh, le taighde ar leitheadúlacht na dédhiagnóise.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Ról Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh agus Drugaí á gCosc (2004)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Niall Watters agus Duane Byrne (Unique Perspectives).

Aidhm:

Scrúdú a dhéanamh ar ról na Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh (STT) ó thaobh a bheith ag freagairt d'fhadhbanna drugaí agus iad a chosc. Bíonn sé d'aidhm ghinearálta ag STT tacú le teaghlaigh agus raon seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear comhairleoireacht, treoir, tacaíocht do thuismitheoirí, comhairle, obair óige agus forbairt pobail. Bhain an staidéar seo ach go háirithe le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh ina ról ó thaobh a bheith ag láidriú teaghlach chun gníomhú mar mhaolán ar fhadhbanna drugaí.

Modh:

Tugadh faoi léirbhreithniú ar litríocht agus faoi shuirbhé i measc sampla STT in Iarthar Bhaile Átha Cliath, i gCathair Luimnigh agus Sligeach (cuid de Bhord Sláinte an Iarthair agus an Iarthuaiscirt) agus úsáid á baint as ceistneoirí a bhí le comhlánú ag na freagróirí iad féin. Ba é 26% (n=461) an ráta freagairte, (bhí 81% de na seirbhísí a d'fhreagair i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus 50% lonnaithe i ndobharcheantar tascfhórsa áitiúil ar dhrugaí). Lena chois sin, rinneadh agallaimh dhoimhne (17) agus grúpaí fócais le seirbhísí agus a gcliaint (14).

Torthaí Buntábhachtacha:

- Bhí seirbhísí a tairgeadh do chliaint éagsúil de réir cibé an raibh mórfhócas, mionfhócas nó gan fócas ar bith acu ar dhrugaí ina gcuid oibre.
- Tá sé de phóitinseal ag STT ról níos mó a imirt le drugaí a chosc.
- Ní fhaigheann ach an cúigiú cuid de STT go bhfuil fadhbanna drugaí ina bhfócas dá n-oibre.
- Aontaíonn breis is leathchuid na bhfreagróirí (57%) go gcabhraíonn a gcuid seirbhísí ar bhealach dearfach le drugaí a chosc, ach threoraigh formhór (93%) na STT daoine a tháinig i láthair le fadhbanna drugaí ar aghaidh chuig seirbhís eile.
- Bhí an mhí-úsáid alcóil ar an rud ba choitianta a thuairiscigh na seirbhísí, agus ba choitianta a tuairiscíodh mí-úsáid drugaí ar oideas agus mí-úsáid drugaí mídhleathacha i limistéir uirbeacha a bhí níba mhó.
- Chuaigh an fhadhbúsáid drugaí i bhfeidhm ar chaidrimh teaghlaigh, rud a thaispeáin an taighde a chuir le fadhbanna idir tuismitheoirí (61%), le tuismitheoirí (61%) agus le deacrachtaí tuismitheoireachta (59%).
- Tá an úsáid drugaí ina cúis le deacrachtaí teaghlaigh agus ina héifeacht ag deacrachtaí teaghlaigh araon.
- Airíonn na seirbhísí go léir leibhéal neamhdhiongbháilteachta éigin maidir le bheith ag déileáil le teaghlaigh a bhfuil fadhbanna drugaí acu. Tagann an neamhdhiongbháilteacht seo as a n-easpa soiléireachta maidir lena ról, easpa scileanna chun oibriú ar bhealach a n-éireoidh leis le teaghlaigh a bhfuil saincheisteanna drugaí acu agus, lena chois sin, easpa tacaíochta laistigh den eagraíocht chun seirbhís a sheachadadh do theaghlaigh a bhfuil fadhbanna drugaí acu.

Moltaí an CCND don Rialtas:

- Ba chóir go méadófaí cumas freagairte seirbhísí trí leibhéal cuí acmhainní/maoiniúcháin a sholáthar in éineacht le hoiliúint, scileanna agus eolas cuí ar a bheith ag freagairt d'fhadhbanna drugaí agus do dhrugaí a chosc.
- Ba chóir nascanna agus líonraí idir gníomhaireachtaí a láidriú trí eolas ar shaincheisteanna agus dhearcaí áitiúla an phobail a mhéadú, cumarsáidí a fheabhsú agus feasacht ar sheirbhísí agus ghníomhaíochtaí a mhéadú.
- Ba chóir uirlisí ábhartha monatóireachta agus meastóireachta a fhorbairt chun teacht suas le tionchar gníomhaíochtaí seirbhíse ar theaghlaigh maidir le drugaí a chosc.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Úsáid Drugaí i Measc an Daonra Gan Dídean in Éirinn (2005)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Marie Lawless agus Catherine Corr as Cé na gCeannaithe Éireann.

Aidhm:

Measúnú a dhéanamh ar chineál, fhairsinge agus chomhthéacs na húsáide drugaí i measc daoine atá gan dídean in Éirinn; measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir an t-easpa dídine agus úsáid drugaí le béim ar a mhéid is a chuireann an úsáid drugaí leis an easpa dídine agus ar a mhéid is a chuireann an t-easpa dídine leis an úsáid drugaí, agus an úsáid sin a ghéarú.

Modh:

Tugadh faoi shuirbhé ar dhaoine gan dídean (355) ar fud na hÉireann in éineacht le 14 ghrúpa fócais inar ghlac 64 sholáthraí seirbhíse do dhaoine gan dídean agus d'úsáideoirí drugaí páirt.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Cé nach bhfuil an úsáid drugaí ar an bpríomhchúis go dtéann daoine i riocht a bheith gan dídean, tá sé ina phríomhchúis go bhfanann siad gan dídean. Bhí tromlach na ndaoine sa suirbhé (61%) gan dídean le breis is cúig bliana.
- Is iad na cúiseanna is coitianta go ndeachaigh daoine i riocht a bheith gan dídean ná: 1) achrann sa teaghlach (24%), 2) úsáid drugaí (19%), agus 3) mí-úsáid alcóil (13%).
- Tá rochtain ar thithíocht, fadhbanna airgid, achrann sa teaghlach agus úsáid leanúnach alcóil ar chúiseanna eile go bhfanann daoine gan dídean.
- Bhí leitheadúlacht na húsáide drugaí laistigh den daonra gan dídean ard, agus bhí rátaí leitheadúlachta i gcaitheamh a saoil (74%), le déanaí (64%) agus faoi láthair (52%) cuid mhaith níba airde ná iad siúd a fuarthas sa daonra ginearálta (19%, 6% agus 3% faoi seach);
- Tá an t-alcól ar an bpríomhdhruga a roghnaítear i measc an daonra gan dídean (70%).
- Tá breis is leathchuid (52%) an daonra gan dídean a bhí sa suirbhé ina n-úsáideoirí drugaí faoi láthair; bhí 36% díobh siúd a bhí sa suibhé ina n-úsáideoirí fadhbacha drugaí; bhí 19% de dhaonra an staidéir ag instealladh drugaí faoi láthair, bhí duine as gach beirt díobh seo á n-instealladh i spáis phoiblí; tá go leor ina n-úsáideoirí ildrugaí.
- Bhain tromlach (87%) díobh úsáid as drugaí sula raibh siad gan dídean; bhí breis is dhá dtrian (68%) d'úsáideoirí reatha níba óige ná 16 bliana d'aois nuair a bhain siad úsáid as drugaí den chéad uair agus ba é canabas as an chéad druga ar baineadh úsáid as (76%).
- Bhí 30% de dhaonra an staidéir diagnóisithe le tinneas síciatrach agus bhí 55% díobh i bpríosún.
- Thuairiscigh breis is an tríú cuid d'fhreagróirí gurbh é an aois a bhí siad gan dídean den chéad uair ná 19 mbliana d'aois nó níba óige (38%) agus bhí 11% gan dídean roimh aois 15.

Moltaí an CCND don Rialtas:

- Ba chóir do gach seirbhís um easpa dídine agus do sheirbhísí drugaí beartais scríofa a fhorbairt lena bhféachtar le húsáideoirí drugaí gan dídean a chur san áireamh ina seirbhísí ar bhealach dearfach. Ba chóir ionadaithe ó sheirbhísí drugaí agus/nó thascfhórsaí drugaí a chur san áireamh i ngach Fóram um Easpa Dídine ar fud na tíre, chun éascú le comhoibriú níos mó idir gníomhaireachtaí. Ba chóir ionadaithe seirbhísí um easpa dídine a chur san áireamh i dTascfhórsaí Réigiúnacha agus Áitiúla ar Dhrugaí.
- I ndáil le cóireáil, is gá samhail an oibrí bhuntábhachtaigh faoi mar a leagadh amach i nGníomh 47 den Straitéis Náisiúnta Drugaí a chur i ngníomh. D'éascódh sé seo le rochtain fheabhsaithe ar chúram sláinte príomhúil. Is gá rochtain ar sheirbhísí cóireála drugaí a fheabhsú freisin. Ní mór riachtanais speisialta teaghlach gan dídean a bhfuil fadhbanna drugaí acu a chur san áireamh, chomh maith lena dtimpeallacht maireachtála, agus raon roghanna seirbhíse á soláthar d'úsáideoirí drugaí gan dídean.
- Is gá leathnú a dhéanamh ar sheirbhísí um díobháil a laghdú, go háirithe, seirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, soláthar giuirléidí agus faisnéise um shláinte phoiblí.
- Ba chóir go gcinnteofaí go mbeifear in ann teacht ar sholáthar leordhóthaineach cóiríochta éigeandála atá cuí agus soblúbtha, sheirbhís tacaíochta do thionóntaí agus thithíocht leordhóthaineach shóisialta agus dheonach chun tacú leis an athshlánúchán agus leis an athimeascadh sóisialta. Caithfear tacú níos fearr leis an aistriú ón bpríosún

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2002/2003

Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí: Torthaí Canabais Bullaitín 3

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Choimisiúnaigh an CCND agus an tAonad um Thaighde agus Fhaisnéis ar Dhrugaí agus Alcól (AFTDA) laistigh den Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí i dTuaisceart Éireann MORI MRC leis an suirbhé seo a dhéanamh.

Aidhm:

Leitheadúlacht na húsáide canabais a dhéanamh amach ar bhonn saoil (úsáid bainte as riamh), le bliain anuas (le déanaí) agus le mí anuas (faoi láthair) ar oileán na hÉireann; faisnéis mhionsonraithe a sholáthar ar roinnt athróg lena n-áirítear aois na chéad úsáide, a rialta is bhaintear úsáid as, an cineál canabais a mbaintear úsáid as agus an modh úsáide, canabas a fháil, úsáid a stopadh agus dearcaí i leith úsáid an chanabais go ginearálta. Ní thagraíonn na torthaí seo a leanas ach amháin do shonraí a bailíodh in Éirinn cé go soláthraíonn an bullaitín anailís i gcomhair Thuaisceart Éireann. Is féidir torthaí i gcomhair Thuaisceart Éireann a íoschóipeáil ó shuíomh idirlín an CCND.

Modh:

Rinneadh suirbhé ar shampla ionadaíoch (8,434) duine idir 15-64 bliana d'aois i dTuaisceart Éireann (3,516) agus in Éirinn (4,918) agus na treoirlínte ó Ionad Monatóireachta na hEorpa ar Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí á leanúint (IMEDAD). Tugadh ceistneoirí amach agus úsáid á baint as agallaimh duine-le-duine, ar dhaoine a bhí ina gcónaí in áitribh phríobháideacha idir Deireadh Fómhair 2002 agus Aibreán 2003.

Torthaí Buntábhachtacha:

- Bhí rátaí leitheadúlachta níba airde i measc freagróirí níba óige – bhí an ráta leitheadúlachta saoil dóibh siúd idir 15 agus 34 bliana d'aois (24%) breis is dhá oiread níba airde ná dóibh siúd idir 35 agus 64 bliana d'aois (11%);
- Thug freagróirí fir rátaí leitheadúlachta níba airde le fios ná mná trasna gach tréimhse ama. Ba é an ráta leitheadúlachta saoil d'fhir ná 22% i gcomparáid le 12% do mhná.
- Ba é an mheánaois a thuairiscigh freagróirí gur bhain siad úsáid as canabas den chéad uair ná 18 mbliana d'fhir agus mhná araon. Ba é meánaois na chéad úsáide go rialta ná 18 mbliana d'fhir agus 17 do mhná.
- Bhain beagnach an ceathrú cuid (22%) d'úsáideoirí reatha úsáid as canabas ar bhonn laethúil nó beagnach laethúil. Nuair a miondealaíodh é sin de réir inscne, áfach, thuairiscigh breis is an ceathrú cuid d'fhir (27%) i gcomparáid leis an deichiú cuid de mhná (11%) gur bhain siad úsáid as canabas ar bhonn laethúil nó beagnach laethúil.
- Ba é an haisís an cineál canabais ba choitianta ar baineadh úsáid as – úsáidte ag 68% d'úsáideoirí reatha.
- Caitheann tromlach na n-úsáideoirí reatha (98%) canabas i dtoitín.
- Duine den teaghlach nó cara a thug canabas do bheagnach an tríú cuid d'úsáideoirí le déanaí (31%), dúirt 27% eile d'fhreagróirí go raibh canabas roinnte i measc grúpa cairde acu.
- Mheas formhór mór na bhfreagróirí (79%) go raibh sé 'an-éasca' canabas a fháil faoi cheann tréimhse 24 uair a chloig.
- Dúirt os cionn ceathrún (27%) de líon na bhfreagróirí a dúirt go raibh canabas tógtha riamh acu, gur bhaineadar úsáid as go rialta. As a measc seo, dúirt beagnach triúr as gach cúigear (58%) gur stop siad canabas a thógáil, dúirt duine as gach ochtar (12%) gur fhéach siad le stopadh agus gur theip orthu, agus dúirt triúr as gach deichniúr(30%) freagróir nár fhéach siad le stopadh riamh.
- D'airigh tromlach mór (72%) díobh siúd sa suirbhé gur chóir go gceadófaí úsáid an chanabais chun críocha leighis.
- Níor aontaigh ach 21% gur chóir go gceadófaí úsáid an chanabais chun críocha áineasa. D'aontaigh 13% díobh siúd nár bhain úsáid as canabas riamh lena úsáid ar bhonn áineasa i gcomparáid le 61% díobh a bhain úsáid as an druga riamh.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie